# Tionscadal Stáisiúin na Coille Móire

## Comhairliúchán ar an Rogha is Dealraithí a Roghnófar



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Iarnród Éireann
Irish Rail

# Réamhrá

## Cúlra an Tionscadail

Tá sé beartaithe ag Iarnród Éireann stáisiún iarnróid nua a fhorbairt i gceantar na Coille Móire i mBaile Átha Cliath, ar phríomhlíne Chorcaí reatha, timpeall ceithre chiliméadar ó Stáisiún Heuston ar an taobh thoir agus timpeall dhá chiliméadar ón Pháirc Thiar agus stáisiún Ghort na Silíní ar an taobh thiar.

Tá pleananna ann do thionscadal 'Imeall na Cathrach' a thabharfaidh suas le 40,000 teach nua agus suas le 75,000 post go dtí an ceantar sna blianta amach romhainn. Bheadh stáisiún nua na Coille Móire mar chuid de 'mhol' iompair phoiblí don cheantar amach anseo de réir mar a thagann an fhorbairt i gcrích.

Cuirfear an tionscadal ar fáil le maoiniú ón Roinn Iompair tríd an Údarás Náisiúnta Iompair.

## Comhthéacs Beartais

I bhfianaise na leibhéil fáis a bhfuiltear ag súil leis go háitiúil agus ar fud chathair Bhaile Átha Cliath ina hiomláine, is dócha go mbeidh gá le réitigh iompair ilmhódacha (lena n-áirítear an stáisiún iarnróid nua in an Choill Mhóir) chun freastal ar éileamh iompair sa cheantar ó mheán go fadtéarma.

Tá an stáisiún ag an gCoill Mhóir molta i Straitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath mar bhealach chun rochtain nua a sholáthar ar an líonra iarnróid sa cheantar seo atá dlúthdhaonra agus atá ag fás.

# Buntáistí na Scéime

**Is iad príomhbhuntáistí an tionscadail:**

Soláthraíonn sé rochtain nua ar an líonra iarnróid do suas le 16,000 cónaitheoir áitiúil agus go leor gnólachtaí laistigh de chiliméadar amháin ón stáisiún nua.

Feabhsaítear nascacht iompair phoiblí do chónaitheoirí na Coille Móire / Bhaile Formaid le suas le 11 traein in aghaidh na huaire in aghaidh na treorach a luaithe a chuirtear an clár DART+ i bhfeidhm (faoi réir éilimh).

Feabhsaítear rochtain ar sheirbhísí, ar fhostaíocht agus ar dheiseanna oideachais do chónaitheoirí áitiúla trí nascacht fheabhsaithe le Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Deiseanna le hidirmhalartú ag stáisiún Uí Chonghaile reatha agus ag stáisiún nua Heuston Thiar le haghaidh seirbhísí achair fhada.

Comhtháthú agus idirmhalartú níos fearr le modhanna iompair reatha amhail fithbhealach BusConnects S4, na bealaí uimhir 60 agus G, agus níl an stad bus is gaire ach 110 méadar ar shiúl, ag soláthar roghanna idirmhalartaithe ilmhódacha do chónaitheoirí.

Tá an stáisiún suite go maith chun comhtháthú a dhéanamh le naisc Luas a d’fhéadfadh a bheith ann amach anseo agus le líonraí taistil gníomhacha pleanáilte.

Spreagtar roghanna taistil níos inbhuanaithe, trí rogha eile a sholáthar do thurais ghluaisteán príobháideacha, rud a laghdóidh astaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le hiompar chomh maith le cuidiú a d’fhéadfadh brú tráchta a mhaolú i gceantair ghnóthach.

Tacaítear le forbairt dhlúth, inbhuanaithe sa cheantar, lena n-áirítear an Tionscadal Imeall na Cathrach, a bhfuil an poitéinseal ann do suas le 40,000 teach nua agus suas le 75,000 post nua.

# Cur síos Ginearálta ar na hOibreacha

## Suíomh Molta


Beidh an rogha ris dealraithí a roghnófar don stáisiún nua suite siar ó Dhroichead Bhóthar na Coille Móire. Tá ceantar cónaithe, Baile Formaid lastuaidh den iarnród agus is ceantar tionsclaíoch éadrom go príomha atá sa cheantar ó dheas faoi láthair.




*Léarscáil Suímh Stáisiún na Coille Móire*

# Rochtain ar an Stáisiún

Tá bealach isteach an stáisiúin molta amach ó Bhóthar na Coille Móire, lastuaidh de dhroichead Bhóthar na Coille Móire. Forbrófar an limistéar seo chun rochtain coisithe agus rothar ar an stáisiúin a éascú. Beidh bealach isteach an stáisiúin saor ó chéimeanna agus cothrom leis an tsráid agus leis an droichead coisithe iarnróid. Beidh rochtain ar na hardáin trí staighrí nó ardaitheoirí lán-inrochtana.




*Plean Leagan Amach Stáisiún na Coille Móire*

# Plás Iontrála an Stáisiúin

Beidh plás bhealaigh isteach an stáisiúin ar an taobh thuaidh den iarnród as a dtiocfaidh bealach isteach an stáisiúin. Beidh an limistéar seo cóngarach do na réadmhaoine cónaithe ar Bhóthar na Coille Móire agus beidh meaisíní díola ticéad agus scáthláin rothair clúdaithe ann agus soláthróidh sé spás sábháilte don fhearann poiblí d’úsáideoirí iarnróid. Déanfar soláthar freisin do chlúdach soilsithe agus TCI sa limistéar seo agus cuirfidh geataí inghlasáilte ar chumas an limistéir seo a dhúnadh le linn uaireanta neamhoibríochta.

# Ardáin Stáisiúin

Beidh an stáisiún nua comhdhéanta de dhá ardán, ceann amháin soir agus ceann siar ar phríomhlíne Chorcaí mar atá. Beidh na hardáin nua thart ar 174 méadar ar fad, chun freastal ar na traenacha nua DART.  Ina theannta sin beidh gach ardán 3.5 méadar ar leithead.

Beidh rochtain ar na hardáin trí staighrí agus droichead coisithe clúdaithe ina mbeidh ardaitheoirí lán-inrochtana freisin.

Beidh barr an droichid coisithe timpeall seacht méadar ar airde ó leibhéal an ardáin.

- Áireofar an méid seo a leanas ar gach ardán freisin:
- Scáthláin paisinéirí, gach ceann acu cúig mhéadar ar fad, chun freastal ar idir 20 agus 25 duine ina seasamh.
- Soilsiú, ceamaraí TCI, córais faisnéise poiblí, córas fógartha poiblí, agus pointe glaonna cúnaimh phoiblí.
- Comharthaíocht ardáin, troscán, pábháil tadhlach, agus gach marc líne is gá.




*CGI Íomhá ag Taispeáint Amharc Ardáin*

# Cur i bhFeidhm Tionscadail

Cé gur tionscadal é Stáisiún na Coille Móire atá neamhspleách ar an gClár DART+, tá Iarnród Éireann, CIÉ, agus an NTA ag obair le chéile chun seachadadh an dá thionscadal a chomhordú.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil thíos: [www.dartplus.ie](http://www.dartplus.ie)




*CGI Íomhá ag Léiriú Amharc Iontrála an Stáisiúin*

# Bíodh do Thuairim Agat

Tá an comhairliúchán poiblí maidir leis an rogha is dealraithí a roghnófar ar siúl ón **Luan 8 Meán Fómhair go hAoine 3 Deireadh Fómhair 2025**.

Tugtar cuireadh duit cur leis an bpróiseas comhairliúcháin seo chun tuairimí a nochtadh ar an rogha is dealraithí a roghnófar do Stáisiún na Coille Móire. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin tionscadal ar ár suíomh gréasáin: www.irishrail.ie/new-stations/kylemore.

Tugtar cuireadh duit freisin freastal ar ár n-oíche eolais phoiblí chun tuilleadh a fhoghlaim faoin tionscadal agus bualadh le baill na foirne deartha.

**Leabharlann Bhaile Formaid, Bóthar Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath 10 ar an Déardaoin 11 Meán Fómhair 2025 idir 4:00in agus 8:00in**

Is féidir leat aiseolas a sholáthar trí ríomhphost nó tríd an bpost.

Seol ríomhphost chuig an bhfoireann tionscadail ag baint úsáid as: **kylemore@irishrail.ie**.

Nó cuir d'aiseolas chugainn chuig:

Oifigeach Idirchaidrimh don Phobal,
Stáisiún na Coille Móire
Iarnród Éireann
Oibreacha Inse Chór
Paráid Inse Chór
Baile Átha Cliath 8
D08K6Y3

Is féidir leat glaoch freisin: 01 247 4777 – Luan go hAoine, 9in go 5in le linn na tréimhse comhairliúcháin.


ONE MOTOR FACTOR
LIQUI MOLY

# Tuilleadh Eolais

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin an tionscadail le haghaidh tuilleadh eolais faoin tionscadal lena n-áirítear íoslódálacha den bhróisiúr tionscadail seo, agus pleananna na scéime molta.

**www.irishrail.ie/new-stations/kylemore**

SCAN ME

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority

Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

Iarnród Éireann Irish Rail